CINNTÍ

CINNEADH (CBES) 2023/854 ÓN gCOMHAIRLE

an 24 Aibreán 2023

lena leasaítear Cinneadh 2010/413/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 26 Iúil 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/413/CBES ([1]), a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 26(3) de Chinneadh 2010/413/CBES, rinne an Chomhairle athbhreithniú ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas ainmnithe a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh sin.

(3) Ar bhonn an athbhreithnithe sin, ba cheart an iontráil a bhaineann le duine amháin a ainmnítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/413/CBES a bhaint den Iarscríbhinn sin. Ba cheart iontráil amháin atá san áireamh in Iarscríbhinn II a nuashonrú.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2010/413/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/413/CBES i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 24 Aibreán 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES

([1]) Cinneadh 2010/413/CBES ón gComhairle an 26 Iúil 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine agus lena n-aisghairtear Comhsheasamh 2007/140/CBES (IO L 195, 27.7.2010, lch. 39).

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/413/CBES mar a leanas:

(1) scroistear iontráil 10 (a bhaineann le Rostam QASEMI) ón liosta dar teideal "II. Cór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC)", faoin bhfo-cheannteideal "A. Daoine";

(2) faoin gceannteideal "I. Daoine agus eintitis a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí diúracán núicléach nó le gníomhaíochtaí diúracán balaistíoch agus daoine agus eintitis a thugann tacaíocht do Rialtas na hIaráine.", cuirtear an iontráil seo a leanas in ionad na hiontrála comhfhreagraí sa liosta a leagtar amach faoin bhfo-cheannteideal "B. Eintitis":

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
"12.	Fajr Aviation Composite Industries	Mehrabad Airport, PO Box 13445-885, Tehran, Iran	Fochuideachta de chuid IAIO laistigh de MODAFL agus iad araon ainmnithe ag an Aontas Eorpach a tháirgeann ábhair ilchodacha go príomha do thionscal na n-aerárthaí. Táirgeann Fajr Aviation Composite Industries ladrainn freisin, a líomhnaítear go bhfuil siad á n-úsáid le haghaidh díchobhsú réigiúnach.	26.7.2010"